1 AN BEALACH CHUN AN CHOLÁISTE

CAIBIDIL 1

Na hÁbhair Ardteiste

Grúpáiltear na hábhair mar seo a leanas: na Teangacha, na hEolaíochtaí, an Staidéar Gnó, na hEolaíochtaí Feidhmeacha, Ábhair Shóisialta agus Staidéar Ealaíne.

SUIMEANNA & BUANNA

Amharcaimis anois ar na grúpaí seo agus na coinníollacha a bhaineann le gairmeacha atá bainte leo chomh maith leis an chineál pearsantachta a bhíonn ag duine a roghnaíonn na hachair sin.

GRÚPA NA dTEANGACHA

Gaeilge, Béarla, Fraincis, Gearmáinis, Iodáilis, Spáinnis, Laidin, Gréigis, Araibis, Seapáinis, Rúisis, Staidéir Chlasaiceacha

Daltaí a bhfuil bua sna Teangacha acu, thig leo ...

- Obair a dhéanamh ar a bhfoclóir féin, nathanna agus cora cainte
- Iarracht a dhéanamh cuairt a thabhairt ar áit ina labhraítear an teanga go nádúrtha
- Iad féin a chur in iúl go maith
- Fuaimeanna agus frásaí a thógáil go maith;
- Ciall bheith acu do na mionsonraí teanga (aimsirí, aontú agus tuisil)
- Suim bheith acu sa chultúr as a n-eascraíonn an teanga

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar theanga eile nua-aimseartha?

- Is mian leat an chuid is mó taitnimh a bhaint as do shaoire thar lear
- Taitníonn fuaimeanna difriúla na teanga coimhthíche *(foreign)* leat
- Is mian leat taisteal agus áiteanna nua a thaiscéaladh.
- Tá tú maith do do chur féin agus do chuid tuairimí in iúl
- Is mian leat an cainéal teilifíse sa teanga choimhthíoch a thuigbheáil
- Tá dúil mhór agat i bhfocail, i bhfrásaí agus sa cheol

GRÚPA NA nEOLAÍOCHTAÍ

Matamaitic, Fisic, Ceimic, Fisic agus Ceimic, Bitheolaíocht, Matamaitic Fheidhmeach.

Daltaí a bhfuil bua sna hEolaíochtaí acu, bíonn ...

- Tuiscint acu ar an mhata mar dhóigh leis an domhan a mhíniú go heolaíoch
- Cumas acu ar scríobh go soiléir agus go hachomair
- Fiosracht acu i leith an domhain atá ina dtimpeall
- Meas acu ar na modhanna eolaíocha le rudaí a oibriú amach
- Mian acu an domhan a thaiscéaladh agus a mhíniú ar dhóigh réasúnach.

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar ábhar eolaíochta?

- Is mian leat dul chun an choláiste le heolaíocht, innealtóireacht, leigheas nó banaltracht a dhéanamh.
- Is mian leat eolaíocht a úsáid le coireanna a fhuascailt
- Tá tú fiafraitheach agus buartha fá chúrsaí timpeallachta
- Is mian leat fáil amach cad chuige a bhfuil ainmhithe móra fíochmhara áirithe ag dul i léig
- Is mian leat fios bheith agat cén dóigh a mbíonn tionchar ag domhantarraingt ar an solas
- Is mian leat nádúr agus contúirt na radaíochta a thuigbheáil

GRÚPA AN STAIDÉIR GHNÓ

Cuntasóireacht, Gnó, Eacnamaíocht

Daltaí a bhfuil bua sa Ghnó acu, bíonn ...

- Suim acu i dtreochtaí tomhaltóirí, luaineacht an mhargaidh (market fluctuation) agus cleachtas lucht gnó
- Cruinneas acu maidir le cláir chomhardaithe (balance sheets) agus cuntais
- Suim acu i saol an ghnó
- Dúil acu nuacht ghnó a leanstan sna nuachtáin, ar an teilifís agus ar an idirlíon
- Cumas acu tuairim agus meastachán a thabhairt agus é a dhearbhú (confirm) le tagairtí;

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar ábhar Gnó?

- Tá tú maith i gceann cuntas agus staidrimh (statistics)
- Is mian leat fáil amach fá chúrsaí cánach agus an dlí
- Is breá leat domhan na tráchtála agus an ghnó
- Léann tú na rannóga gnó sna nuachtáin
- Baineann tú sult as bheith ag plé le daoine

GRÚPA NA n-EOLAÍOCHTAÍ FEIDHMEACHA NÓ NA n-ÁBHAR PRAITICIÚIL

Innealtóireacht, Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide, Staidéar Foirgníochta, Eolaíocht Talmhaíochta, Eacnamaíocht Talmhaíochta.

Daltaí a bhfuil bua na Praiticiúlachta acu, tig leo bheith ...

- Cruthaitheach nuair a bhíonn siad ag teacht ar réiteach fadhbanna;
- Comhordaithe agus sciliúil agus iad ag cur a gcuid tascanna i gcrích
- Cruinn agus cúramach ag tarraingt líníochtaí agus ag déanamh tascanna
- Loighciúil le smaointe seicheamhacha (sequential) nuair a bhíonn siad ag tabhairt faoi thasc

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar ábhar praiticiúil?

- Bhain tú do chuid bréagán as a chéile le fáil amach cén dóigh ar oibrigh siad
- Bheadh suim agat i bprintíseacht éigin a dhéanamh
- Is breá leat rudaí a dhéanamh, a dheisiú agus a chóiriú
- Is breá leat bheith ag obair le rudaí fisiceacha agus le hábhair
- Is cuma leat fá thormán, salachar agus contúirt
- Tig leat obair néata chruinn a dhéanamh taobh istigh den sprioc-am tugtha
- Is maith leat rudaí a dhearadh agus a phleanáil.

STAIDÉAR EALAÍNE

Ealaín *(ar a n-áirítear Ceardaíocht)*, Ceol.

Daltaí a bhfuil bua san ealaín acu, bíonn ...

- Suim acu i saothair na n-ealaíontóirí móra
- Ní miste leo bheith ag obair ina n-aonair nó mar bhall de ghrúpa
- Bíonn siad díograiseach i leith a gceirde
- Dúil acu i bhféinléiriú agus tá siad tiomanta air sin a fhoirfiú *(make perfect)*;
- Tuiscint acu ar an taobh chruthaitheach agus ealaíonta den saol
- Toil acu díriú ar na cleachtaí agus na teicnící lena gcumas agus a stíl fhoirfe féin a fhorbairt

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar ábhar ealaíonta?

- Tá 'amharc-aireacht' *(visual awareness)* agat
- Tá tú toilteanach obair a dhéanamh le linn am scoile agus i d'am saor agus do shaoirí le cumhdach *(portfolio)* a ullmhú
- Is mian leat na tréithe ealaíonta agus léiritheacha nó mothúchánacha *(expressive)* de do phearsantacht a fhorbairt agus a spreagadh
- Tá meas agat ar cheol maith de gach cineál
- Tá a fhios agat an difríocht idir scáileanna/doimhneacht datha agus toin
- Tig leat ealaín agus ceol a anailísiú agus a mheasúnú
- Tá tú cruthaitheach, samhlaíoch agus ealaíonta

GRÚPA NA nÁBHAR SÓISIALTA

Stair, Tíreolaíocht

Daltaí a bhfuil bua i Stair nó Tíreolaíocht acu, léiríonn siad ...

- Suim sa domhan mar atá sé anois agus mar a bhí anallód
- Cíocras mór maidir le saincheisteanna reatha a mhíniú agus a imscrúdú
- Suim sa léitheoireacht agus bheith ag coimhéad cláir iomchuí *(relevant)* ar an teilifís nó an fhístéip
- Cumas lena gcur féin in iúl go cruinn agus a gcuid argóintí a neartú le heolas ábhartha;
- Meas ar fhoinsí stairiúla agus tuiscint an tíreolaí ar thosca nó chúinsí *(circumstances)*

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar Stair nó Tíreolaíocht?

- Is mian leat fáil amach cad é mar a cruthaíodh tírdhreach na hÉireann
- Is mian leat fáil amach cén dóigh ar bunaíodh Tuaisceart Éireann
- Is cúis imní duit saincheisteanna imshaoil cosúil le Dífhoraoisiú agus Téamh Domhanda.
- Is mian leat níos mó a fhoghlaim fá d'áit chónaithe agus do thimpeallacht
- Is mian leat bheith ábalta léarscáileanna a léamh agus loingsiú nó seoladh dá réir
- Tá suim mhór agat i gcúrsaí reatha agus saincheisteanna tráthúla

GRÚPA NA hEACNAMAÍOCHTA BAILE

Eacnamaíocht Bhaile *(Sóisialta agus Eolaíoch)*, Teagasc Críostaí

Daltaí a bhfuil bua in Eacnamaíocht Bhaile agus Reiligiúin acu, léiríonn siad ...

- Suim sa chócaireacht, ag triail blasanna éagsúla agus cothaithigh *(nutrition)* de réir luach an airgid
- Suim agus eolas i dtaca le cúrsaí reatha, saincheisteanna sóisialta agus saol teaghlaigh agus inniúlacht ar scríobh fúthu sin ag tabhairt tacaíochta dá gcuid tuairimí
- Suim i ndearadh éadaí, ábhair, stíleanna agus fiú mian acu bheith ag déanamh éadaí
- Bua maidir le dearadh tithe, cistineacha agus áiteanna eile sa dóigh is go mbeadh siad feidhmiúil agus éifeachtúil

Cad chuige a ndéanfainn staidéar ar Eacnamaíocht Bhaile nó Eolas Reiligiúnda?

- Tá suim agat sna fadhbanna sóisialta alcólachas, drugaí agus mí-íde
- Tá spéis agat i saincheisteanna ar nós na bochtaineachta agus na coiriúlachta
- Tá suim agat san Altranas, san Obair Shóisialta, sa Chúram Leanaí nó sa Lónadóireacht
- Is mian leat foghlaim fán chócaireacht le haghaidh an ama a bheas tú ar shiúl as baile.
- Is mian leat fios bheith agat an bhfuil sé mícheart bheith ag goid is cuma cad iad na cúinsí.
- Is mian leat níos mó a fhoghlaim maidir le vitimíní, próitéin, carbaihiodráití agus saillte.
- Is mian leat an Diagacht *(Theology)* a fhiosrú.

TÁBHACHT NA MATAMAITICE

Is minic a bhíonn deacrachtaí ag mic léinn leis an mhata agus go mbíonn ráta ard teipthe san ábhar ó bhliain go bliain. Is féidir go dteipfeadh ar suas le 15% den ghrúpa iomlán a ghlacann mata ag an ghnáthleibhéal an grád pas, D3 nó níos airde, a fháil. Glacann níos mó daltaí an mhatamaitic ná aon ábhar eile sa Teastas Sinsearach. Is réamhriachtanas iontrála é don chuid is mó de na coláistí tríú leibhéal (ach ní iad uilig), agus mar sin de, má theipeann ar mhac léinn sa mhata cé go n-éiríonn go maith leis go ginearálta ina chuid ábhar eile, is féidir go ndéanfaí é a dhíbharrú *(debar)* ó dhul isteach ar an chúrsa a roghnaigh sé.

Ón bhliain 2012 ar aghaidh tugtar bronntar bónasphointí d'Ardleibhéal Matamaitic sna hOllscoileanna uilig agus sna Institiúidí Teicneolaíochta. Seard atá i gceist ná 25 pointe a chur le cibé grád a bhaineann dalta amach in Ardleibhéal Matamaitic ag D3 nó níos airde, mar shampla: D3 = 45 pointe + 25 pointe bonais = 70 pointe san iomlán. Mar sin is féidir le dalta uasphointe CAO de 625 pointe a bhaint amach. Ní thugtar aon bhónasphointí, áfach, do ghrád níos ísle ná D. Tá roinnt coláistí, áfach, ag cloí le 600 pointe mar uasmhéid pointí. Tuigtear go mbeidh scéim na mbónasphointí mealltach do dhaltaí a bhfuil sé d'acmhainn acu toradh an-mhaith a bhaint amach ag gnáthleibhéal. Faoin chóras nua tá scór ghrád D ar bith ag ardleibhéal níos fearr ná an scór is airde ag gnáthleibhéal. Tá córas nua seo na mbónasphointí in úsáid do thréimhse thástála ceithre bliana agus déanfar athbhreithniú air i 2014.

Is iad an Mhata agus an Ghaeilge an t-aon dá ábhar sa Teastas Sinsearach a mbíonn rogha iad a dhéanamh ag trí leibhéil dhifriúla, le siollabas bonnleibhéil agus scrúdú chomh maith le gnáth- agus ard-leibhéal mar a thairgtear sna hábhair eile ar fad. Gach bliain glacann lear mór mac léinn (tuairim is 6,000) daltaí mata ag an bhonnleibhéal agus bíonn ráta ard pas ann ag 95% nó mar sin.

An ndéanfadh sé níos mó céille, mar sin de, ag daltaí nach bhfuil ar a gcompord leis an mhata, an t-ábhar a dhéanamh ag an bhonnleibhéal nó an bhfuil míbhuntáistí lena leithéid de chinneadh? An gcomhlíonann mata ag an bhonnleibhéal riachtanais iontrála na gcoláistí?

Is é an freagra go bhfuil bonnleibhéal na matamaitice inghlactha mar ábhar iontrála ar réimse measartha cúrsaí tríú leibhéal, go háirithe in earnáil institiúid na teicneolaíochta, faoi réir rialacha sonracha áirithe. Tá sé choláiste ann atá páirteach sa Lár-Oifig Iontrála (CAO) nach nglacfaidh leis sin, áfach. Tá roinnt coláistí ann, mar DIT, a ghlacfaidh le Bonnleibhéal Mata mar ábhar a shásóidh íosriachtanais iontrála *(minimum entrance requirements)*, ach ní bhronnfaidh siad pointí ar a shon, ná ní ghlacfaidh siad leis mar ábhar a shásóidh riachtanas sonrach cúrsa ina mbíonn mata de dhíth.

BONNLEIBHÉAL

Ta thart ar 16 choláiste áfach agus mórchuid na n-institiúidí teicneolaíochta agus roinnt mhaith coláistí príobháideacha a ghlacfaidh le bonnleibhéal mata mar ábhar pas agus a bhronnfaidh pointí ar a shon mar seo a leanas: A1=20; A2=15; B1=10; B2=5. Sásaítear an riachtanas mata dá lán cúrsaí sa ghrúpa seo le Grád D nó níos airde ag gnáthleibhéal nó le Grád B2 nó níos airde ag bonnleibhéal. Ní ghlactar le bonnleibhéal mata le haghaidh iontrála in aon chéim onórach don altranas.

Mar sin de, b'fhéidir gurb é an Bonnleibhéal Mata an freagra do mhic léinn nach bhfuil ag roghnú cúrsaí tríú leibhéal a bhfuil an mhata mar chomhábhar tábhachtach ann. Má bhíonn an mhata tábhachtach i do rogha chúrsa ba cheart duit ar a laghad an cúrsa gnáthleibhéil a leanstan.

Bíonn ráta teipthe de thart ar 4-5% in Ardleibhéal Mata. Ach in amanna ní leor fiú amháin pas san ardleibhéal le riachtanais chúrsaí áirithe a shásamh. Bíonn Grád C3 de dhíth, cuir i gcás, in Ardleibhéal Mata do chláir chéimeanna onóracha san Innealtóireacht. Cuireann roinnt ollscoileanna, Gaillimh agus Má Nuad mar shampla, scrúduithe speisialta mata ar fáil do mhic léinn innealtóireachta ar theip orthu an grád a bhaint amach. Má éiríonn leat sa scrúdú sin is leor é le dul ar aghaidh leis an chúrsa atá i gceist.